C/2024/5575

19.9.2024

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona

(C/2024/5575)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge a chomhlíonann Airteagal 94 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le fáil i gclár an Aontais de thásca geografacha.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Sussex’

PDO-GB-02365

Dáta an iarratais: 27.7.2017

1. **Ainm le clárú**

Sussex

2. **An tríú tír ar léi an limistéar críochaithe**

Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

3. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC

4. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1 Fíon

5 Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

5. **Tuairisc ar na fíonta**

Catagóir Fíona 1: Fíon

Tréithe orgánaileipteacha:

Fíon socair ‘Sussex’

Cuma:

Dath buí éadrom nó glas líoma go hór éadrom den chuid is mó i gcás na bhfíonta geala. D’fhéadfadh deirge a bheith ar fhíonta rosé - dath bándearg éadrom, peitil róis, sú talún fiáin agus éadrom go dath meánach an bhradáin; agus dath éadrom an rúibín / corcairghorm go dath meánach an rúibín / dathanna corcairghorm agus deargchorcra ar na fíonta dearga den chuid is mó.

Beidh an fíon saor ó smúiteán agus dríodar infheicthe agus glan don bhreathnóir.

Dea-bholadh & Blas:

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Saintréithe amhail líomóid, líoma, bláth troim agus blasanna bláthacha eile, úll, piorra agus spíonán go mór chun tosaigh sna fíonta geala. D'fhéadfadh fíonta rosé a bheith éadrom agus bláthach le ruainníní de bhláthanna bána, peitil róis, mealbhacáin agus sú talún. De ghnáth beidh fíonta dearga níos éadroime ag a mbeidh tainniní boga agus ruainníní de thorthaí dearga agus dubha, leathar, plumaí súmhara agus caor fhiáin sa bhéal.

Saintréithe anailíseacha:

Siúcraí Dí-ocsaídithe: níor socraíodh aon pharaiméadar.

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i Rialacháin an Aontais

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10 %
Aigéadacht iomlán íosta	5 g/l le haghaidh fíon geal agus rosé agus 4 g/l le haghaidh fíon dearg socra a shloinntear mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleach-oibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleag-raim in aghaidh an lítir)	

Catagóir fíona 5: Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Tréithe orgánaileipteacha:

Fíon súilíneach 'Sussex'

Cuma:

Le haghaidh cumaisc cheannasacha chardonnay, is féidir leis an dath a bheith idir líomóid éadrom agus órga éadrom, go dathanna órga doimhne, ag brath ar aois an fhíona. I gcás cumaisc pinot is féidir leis an dath a bheith idir ór éadrom nó mil agus dathanna órga doimhne atá níos coitianta, ag brath ar aois an fhíona. Bíonn dath idir deirge (peiteal róis) agus dath bándearg an bhradáin níos láidre ar fhíonta rosé, uaireanta bíonn dath beag órga orthu le haghaidh fíonta atá níos sine. Beidh fíonta dearga idir dath dearg éadrom dorcha, agus dath éadrom an rúibín / corcairghorm go dath lár an rúibín / dathanna corcairghorma agus deargchorcra den cuid is mó.

Beidh na fíonta uile glan agus saor ó smúiteán infheicthe agus dríodar.

Dea-bholadh agus Blas:

citreas líomóide úr agus aigéadacht úill ghlais ó na fíonta chardonnay, agus is féidir meascán de bhlasanna caoire deirge agus úill bhácáilte a bhfuil boladh níos mó na hithreach a bheith ó na fíonta pinot. Leis an aosú níos faide ar mhoirt sa bhuidéal, táirgtear fíonta ag a bhfuil blasanna uathalaíocha forbartha de *brioche*, tósta úr, mealbhacán, *brioche* bácáilte agus dea-bholaithe meala ar an srón agus sa bhéal. Bíonn tainniní boga agus ruainníní de thorthaí dearga agus dubha, leathar, plumaí súmhara agus caor fhiáin sa bhéal ag fíonta dearga súilíneacha.

Léireoidh na fíonta uile mús mín marthanach, comhchiallach le fíon súilíneach a dhéantar leis an 'Modh Traidisiúnta'.

Saintréithe anailíseacha:

Siúcraí Dí-ocsaídithe: níor socraíodh aon pharaiméadar.

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i Rialacháin an Aontais

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11 %

Aigéadacht iomlán íosta	6 ghram in aghaidh an lítir ar a laghad, arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	

6. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

Catagóir Fíona 1: Fíon

Neart alcóil nádúrtha íosta:

Ní bheidh an neart alcóil nádúrtha íosta níos lú ná 8 % (roimh an saibhriú – a leagtar amach le rialacha an Aontais arna leasú).

Saibhriú:

Ní dhéanfaidh próiseas an tsaibhrithe (i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII Cuid 1A de Rialachán (AE) 1308/2013 arna leasú) an neart alcóil iomlán a mhéadú níos mó ná 3 % de réir toirte. I mblianta eisceachtúla, féadfar saibhriú suas le 3,5 % de réir toirte a údarú. Ní bheidh neart alcóil iarbhír an fhíona shaibhrithe chríochnaithe níos lú ná 10 % de réir toirte.

Aigéadú, Dí-aigéadú:

Is iad na coinníollacha agus na teorainneacha maidir le haigéadú/dí-aigéadú na coinníollacha agus na teorainneacha a leagtar síos maidir le táirgeadh fíona. Ceadaítear fíonchaora úra, úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor faoi choipeadh agus fíon nua atá fós faoi choipeadh a dhí-aigéadú. Ní cheadaítear dí-aigéadú fíonta ach suas le teorainn 1 g/l a shloinntear mar aigéad tartarach. Ní cheadaítear aigéadú, ach i mblianta eisceachtúla agus faoi rogha Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann féadfar é sin a údarú.

Milsiú:

Is próiseas ar leithligh ón saibhriú é milsiú tar éis coipthe. Is féidir neart alcóil iomlán an fhíona a mhéadú trí mhilsiú suas le 4 % de réir toirte, faoi réir teorainn 13,5 % le haghaidh fíonta saibhrithe.

Ní mór an milsiú a bheith i gcomhréir le coinníollacha Iarscríbhinn I D, de Rialachán (AE) 2019/934 maidir le táirgeadh Fíona agus ní mór é a dhéanamh san ATFC. Beidh an cúlchiste milis a úsáidtear teoranta d'úrfhíon fíonchaor, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe, nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe a thionscnóidh, cé is moite d'úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe, san ATFC céanna leis an bhfíon atá á mhilsiú.

Catagóir fíona 5: Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Leibhéil íosta siúcra a cheadaítear tráth na buainte: Beidh leibhéal íosta alcóil nádúrtha 8 % ag fíonchaora (62o Oeschle, 15,0 Brix).

Is féidir fíonchaora ag a bhfuil alcól féideartha idir 7,5 % - 8 % a úsáid mar chuid d'fhíonta coimeádta, atá le cumasc le fíonchaora inghlactha, i gcás ina n-éireodh leo i dteannta a chéile sna rialacha íosta alcóil.

Baineann na teorainneacha sin leis an bhfíonghort ina iomláine, ní bhaineann siad le cineál fíonchaoire ná brú amháin.

Dearbhú bhliain an fhíona: Ní mór 85 % de na fíonchaora a úsáidtear chun fíon súilíneach Sussex a dhéanamh a bheith sa bhliain ainmnithe d'aon bhliain fíona.

Fíonta aonchineáil: Ní mór 90 % ar a laghad den chineál luaite a bheith ann - beidh 90 % Chardonnay ar a laghad in Blanc de Blancs. Mar an gcéanna beidh 90 % ar a laghad ag Blanc de Noirs mar mheascán de Pinot Noir agus/nó Pinot Meunier.

Brú: Ní bheidh sa bhrú ach triopaill iomlána, cé is moite de Rosé, a fhéadfar a dhéanamh as fíon a dhéantar as fíonchaora atá brúite go páirteach.

— Is é 1,6 bar brú uasta an bhrúiteora a úsáidtear.

— Is é an toradh uasta 66,67 l/100 kg

Fíonóireacht: I dteannta na rialacha a shonraítear thuas agus a mhalairt ag Táirgeoirí Fíona Sussex, ní mór do na fíonta na caighdeáin íosta a chomhlíonadh mar a shonraítear i reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm maidir le Fíon Súilíneach ar Ardchaighdeán a dhéantar leis an Modh Traidisiúnta (mar a shainmhínítear le Rialachán AE 1308/2013 agus leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm).

Coipeadh malalachtach: Beidh sé faoi rogha an déantóra fíona.

Tirage: Ní bheidh neart alcóil iomlán gach *cuvée* atá beartaithe lena ullmhú níos lú ná 10 % de réir toirte.

Ní fhéadfaidh sé a bheith ina thoradh ar liqueur de tirage a chur leis go dtiocfaidh méadú níos mó ná 1,5 % de réir toirte ar neart alcóil iomlán an *cuvée*. Tomhaistear é sin tríd an difríocht idir neart alcóil iomlán an *cuvée* agus neart alcóil iomlán fhíon súilíneach Sussex a ríomh sula gcuirtear aon licéar dáileogachta leis.

Ní fhéadfaidh ach na nithe seo a leanas a bheith sa liqueur de tirage a úsáidtear chun fíon súilíneach Sussex a tháirgeadh:

— Siúcrós

— Úrfhíon fíonchaor tiubhaithe

— Úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe (RCM)

— Úrfhíon fíonchaor nó úrfhíon fíonchaor leathchoipthe

— Fíon

Ní mór aon fhíon a úsáidtear a fháil ón Tionscnamh Ainmnithe Cosanta céanna leis an *cuvée* lena gcuirtear é.

Féadfaidh an fhíonlann nó aonad buidéalaithe soghluaiste formheasta tirage a dhéanamh.

Buidéal: Is faoi rogha na fíonlainne an buidéal a roghnú (ach ní mór rialacháin an Aontais a chomhlíonadh).

Tabhair faoi deara: Ag buidéalú, ní mór dhá bhuidéal *cuvée*, móide dhá bhuidéal de gach lá ar leith buidéalaithe a choimeád agus a mharcáil go doscriosta le haghaidh inrianaitheachta.

Aibiú: Is é 15 mhí an tréimhse íosta nach mór d'fhíon súilíneach Sussex fanacht sa bhuidéal sula scaoiltear é*.

(Tabhair faoi deara*: Den am sin ní mór 12 mhí ar a laghad a bheith ar mhoirt tirage, agus sa chás sin ní mór 3 mhí eile a bheith ag an bhfíon tar éis an dímhoirtithe chun na 15 mhí a dhéanamh suas.)

Dímhoirtiú: Ní mór an cleachtas a úsáidtear le haghaidh dímhoirtithe a dhéanamh i gcomhréir le Rialacháin an Aontais a chomhlíonann an sainmhíniú atá ar fhíon súilíneach ar ardchaighdeán a dhéantar leis an Modh Traidisiúnta.

Licéar Dáileogachta: faoi rogha na fíonlainne laistigh de rialacháin an Aontais atá i bhfeidhm an tráth sin. Ní mór aon úrfhíon nó aon fhíon a úsáidtear a fháil ón Tionscnamh Ainmnithe Cosanta céanna leis an *cuvée* lena gcuirtear é.

b. *Uastáirgeacht*

Catagóir Fíona 1: Fíon

Faoi ghnáthdhálaí, 12 thona in aghaidh an heicteáir a bheidh sa táirgeacht uasta buainte.

Is é 14,0 tona in aghaidh an heicteáir* an dearbhtháirgeacht uasta buainte.

(Tabhair faoi deara*: Ní údarófar an leibhéal sin ach amháin in imthosca eisceachtúla, nuair is féidir a chruthú do Tháirgeoirí Fíona Sussex nach bhfuil leibhéil siúcra, aigéadacht ná blas á gcur i gcontúirt, nó go deimhin nuair atá coinníollacha ann a fhágann go bhféadfadh laghdú na táirgeachta dochar a dhéanamh do cháilíocht an bhairr. Seolfaidh Táirgeoirí Fíona Sussex fógra faoi mhéadú den sórt sin chuig táirgeoirí, chuig bainisteoir na scéime agus chuig na Caighdeáin Fíona.)

Catagóir fíona 5: Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

As an úrfhíon, roimh shaibhriú, tomhaistear 80 hl/ha ar bhonn fíonghoirt.

7. **Limistéar geografach críochaithe**

Sussex Thoir agus Sussex Thiar

Déantar fíon socair Sussex as fíonchaora a fhástar laistigh de theorainneacha riaracháin chontaetha Sussex Thoir agus Sussex Thiar.

Is fíon súilíneach nó rosé ar ardchaighdeán a dhéantar leis an Mhodh Traidisiúnta é fíon súilíneach Sussex, a dhéantar as cineálacha fíonchaor súilíneacha clasaiceacha a fhástar laistigh de theorainneacha riaracháin chontaetha Sussex Thoir agus Sussex Thiar

8. **Príomhchineálacha fíonchaor**

Catagóir Fíona 1: Fíon

Ceadaítear na cineálacha fíonchaor seo a leanas:

Acolon; Albarino; Auxerrois; Bacchus; Chardonnay; Dornfelder; Gamay; Huxelrebe; Muller Thurgau; Orion; Ortega; Pinot Blanc; Pinot Gris; Pinot Meunier; Pinot Noir; Pinot Noir Précoce; Regent; Regner; Reichensteiner; Riesling; Rondo; Roter Veltliner; Schonburger; Siegerrebe; Solaris.

Catagóir fíona 5: Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

déanfar iad go príomha as na cineálacha fíonchaor seo a leanas:

Chardonnay, Pinot Noir, Pinot Meunier

Ina theannta sin, is féidir Arbanne, Pinot Gris, Pinot Blanc, Petit Meslier agus Pinot Noir Précoce a úsáid.

9. **Tuairisc ar na naisc**

9.1. *Mionsonraí an limistéir gheografaigh (tosca nádúrtha agus daonna)*

Tosca nádúrtha

Ithreacha

Tá formhór fhíonghoirt Sussex lonnaithe ar chailc in South Downs nó ar an nglasghaineamh saibhir mianraí ó thuaidh. Tá tionchar mór cailcreach ag an ngné mhór gheolaíoch sin a théann trí Sussex Thoir agus Sussex Thiar.

Is iad South Downs an Pháirc Náisiúnta is mó i Sasana anois. Éiríonn siad amach as an bhfarraige ag Beachy Head in Sussex Thoir, ritheann siad trí Sussex Thiar agus ar aghaidh go Hampshire, agus tá siad chun tosaigh i dtírdhreach theorainn theas an réigiúin le Muir nIocht. Tá an feiniméan geolaíoch cailceach sin mar thoradh ar aeóin de bhlianta a d'fhág orgánaigh mhuirí na sil-leagain chailceacha os cionn 100 milliún bliain ó shin. Sádh suas iad ar bhonn teicteonach an tráth céanna leis na hAlpa chun an iomaire cnoic sin a fhoirmiú, South Downs, atá i ndáiríre mar chuid den bhanda céanna cailce, síneadh ar Abhantrach Pháras, a ritheann trí thuaisceart na Fraince, go deisceart Shasana.

An aeráid

Baineann Sussex leas as airde mhór agus aithnítear é freisin mar cheann de na ceantair is tirime agus is teo i Sasana cé go bhfuil gaotha tráthnóna fionnuar ann. Tá sé aicmithe mar áit a bhfuil 'aeráid leath-ilchríochach' ann, le meánbháisteach idir 600 mm agus 850 mm in aghaidh na bliana de ghnáth. De réir na dtaifead, go dtí seo is i gceantair de Sussex a taifeadadh na huaireanta gréine is faide, de thart ar 970-1050 , i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann , le Laethanta Céime Fáis (mar a shainmhíníonn Coombe agus Dry 2004), le linn an tséasúir fáis ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair.

Tosca daonna

Tá forbairt tagtha go tapa ar scileanna fíonóireachta in Sussex le blianta beaga anuas, arna neartú ag leathnú Choláiste Plumpton, a ndéanann an Ollscoil Ríoga Talmhaíochta (Cirencester) cúrsaí ar leibhéal céime agus máistreachta an Choláiste san Fhíonsaothrú agus san Fhíoneolaíocht a bhailíochtú. D'fhreastail roinnt mhaith de na déantóirí fíona agus na bainisteoirí fíonghoirt atá ag obair in Sussex ar chúrsaí i gColáiste Plumpton atá ina lárionad barr feabhais d'oideachas fíona i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus atá suite díreach ó thuaidh ó Brighton in Sussex. Is í an t-aon scoil fíona í atá lonnaithe i réigiún fíona aeráide fionnuar ina bhfuil roinn taighde a thairgeann cláir chéime bhaitsiléara agus mháistreachta san Fhíoneolaíocht. D'fhorbair déantóirí fíona Sussex caighdeáin anailíseacha níos airde maidir leis an bhfíon a tháirgtear agus aosú i mbuidéil níos faide le haghaidh fíon súilíneach Sussex, measúnú cáilíochtúil neamhspleách le haghaidh fíon socair agus fíon súilíneach araon. Chuir siad teorainn le líon na gcineálacha fíonchaoire agus thug siad isteach leibhéil alcóil nádúrtha níos airde sna fíonchaora a úsáidtear chun fíonta Sussex a tháirgeadh. Buantar na fíonchaora a úsáidtear le haghaidh fíon súilíneach de láimh agus brúitear ina dtriopaill iomlána iad.

9.2. *Mionsonraí maidir le cáilíocht nó saintréithe an fhíona arb í an timpeallacht gheografach, go bunúsach nó go heisiach, is cúis leo*

Bíonn blasanna amhail líomóid, líoma, bláth troim sna fíonta socra agus blasanna bláthacha eile, úill, piorra agus spíonáin le braistint go láidir sna fíonta geala. D'fhéadfadh fíonta rosé a bheith éadrom agus bláthach le ruainníní de bhláthanna bána, peitil róis, mealbhacáin agus sú talún. De ghnáth beidh fíonta dearga níos éadroime ag a mbeidh ruainníní boga de thorthaí dearga agus dubha, leathar, plumaí súmhara agus caor fhiáin sa bhéal.

Tá citreas líomóide úr agus aigéadacht úill ghlais ó na fíonta chardonnay ar na fíonta súilíneacha, agus is féidir meascán de bholaithe níos mó na hithreach de bhlasanna caoire deirge agus úll bácáilte a bheith ar na fíonta pinot, Leis an aosú níos faide ar mhoirt sa bhuidéal, táirgtear fíonta ag a bhfuil blasanna uathalaíocha forbartha de *brioche*, tósta úr, mealbhacán, *brioche* bácáilte agus dea-bholaithe meala ar an srón agus sa bhéal. Bíonn ruainníní de thorthaí dearga agus dubha, leathar, plumaí súmhara agus caor fhiáin sa bhéal ag fíonta dearga súilíneacha.

9.3. *Nasc idir saintréithe an limistéir gheografaigh agus cáilíocht an fhíona*

Mar gheall ar dhomhanleithead ard fhíonghoirt Sussex tá séasúr fáis níos faide ann, rud a fhágann gur féidir le fíonchaora aibiú go dtí go mbaineann siad aibíocht fheanólach iomlán amach, agus tá raon teochta laethúil leathan ann a sholáthraíonn dálaí fáis idéalacha le haghaidh táirgeadh fíona shúilínigh agus shocra ar ardchaighdeán leis an Modh Traidisiúnta.

Is iad na laethanta teo agus na tráthnónta níos fuaire agus séasúr fáis fada is cúis le fíonta súilíneacha a bhfuil aigéadacht nádúrtha fhriseáilte acu atá glan úr, ach a bhfuil doimhneacht acu agus atá casta, agus a bhfuil saintréith shaibhir acu. Bíonn fíonta súilíneacha dearga éadrom den chuid is mó. Bíonn blasanna suntasacha faoi thionchar bláthanna agus torthaí ar fhíonta socra.

Níor cheart gannmheas a dhéanamh ar éifeacht na cailce sna hithreacha ar fhíon socair ná súilíneach Sussex agus tugann sé saintréith don fhíon. Is éard atá i gcailc cailcít a fhoirmítear ó shliogáin na n-orgánach muirí sin, atá an-phóiriúil agus a fheidhmíonn mar thaiscumar (a stórálann thart ar 300-400 lítear uisce in aghaidh an m3) a sholáthraíonn soláthar seasta uisce do na fíniúnacha, fiú sna samhraí is tirime. Tarraingíonn cailc uisce isteach trí ghníomhú ribeach. Leis an iarracht is gá do na fíniúnacha chun leas a bhaint as an soláthar uisce sin, cuirtear na fíniúnacha faoi strus uisce leordhóthanach sa séasúr fáis chun an chothromaíocht íogair sin a bhaint amach maidir le hacmhainneacht aibíochta, aigéadachta agus dea-bholaidh caora.

Soláthraíonn na hithreacha glasghainimh ó thuaidh ó na South Downs ithreacha saordhraenála freisin atá oiriúnach don fhíonsaothrú.

Táirgeann *terroir* áirithe Sussex rogha leathan fíonta socra éadroma (alcól íseal) den chuid is mó ó fhíonta geala tirime briosca go fíonta dearga torthaíocha agus fíonta rosé galánta. Mar gheall ar an aeráid mhuirí the thirim, ar ithreacha saordhraenála Sussex agus ar leoithní tráthnóna fionnuara a bheith curtha leo, forbraíonn na fíonchaora leibhéil arda aigéadachta nádúrtha atá ríthábhachtach d'fhíon súilíneach.

Mar gheall ar na tosca nádúrtha agus daonna bunúsacha sin, go háirithe na hithreacha cailcreacha, taifead eisceachtúil gréine agus báisteach mheasartha bhliantúil 600-850 mm, is réigiún idéalach é Sussex chun fíonchaora de cháilíocht den scoth a tháirgeadh le haghaidh fíonta socra agus súilíneacha.

10. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

10.1. *Ceanglais shonracha maidir le pacáistiú*

—

10.2. *Ceanglais shonracha maidir le lipéadú*

Catagóir Fíona 1: Fíon

Tar éis fíon a cháiliú mar fhíon socair 'Sussex' is féidir an t-ainm a chomhlánú trí na téarmaí breise 'Still' (socair) nó 'Origin' (tionscnamh) ar an lipéad.

Blianta an Fhíona – tá feidhm ag an riail 85 % (thuas).

Limistéar geografach sainithe – Ní mór na focail 'Produce of England' (táirgí de chuid Shasana) nó 'Made in England' (i Sasana a rinneadh) a bheith ar an lipéad.

Ní mór an téarma *'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint'* a bheith ar an lipéad.

Is féidir suaitheantas Sussex a thaispeáint ar an lipéad.



Ní mór lipéadú uile a léiríonn méid siúcra agus neart alcóil rialacháin an Aontais a leanúint.

Catagóir fíona 5: Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Is féidir an t-ainm 'Sussex' ar fhíon súilíneach a chomhlánú trí 'Sparkling' (súilíneach) 'Classic' (clasaiceach) nó 'Origin' (tionscnamh) a chur ar an lipéad. Is féidir na téarmaí 'coipthe i mbuidéal', 'modh traidisiúnta', 'coipthe i mbuidéal sa mhodh traidisiúnta' nó 'traidisiúnta' a chur leis an lipéad freisin,

Blianta an Fhíona – tá feidhm ag an riail 85 % (thuas).

Limistéar geografach sainithe – Ní mór na focail 'Produce of England' (táirgí de chuid Shasana) nó 'Made in England' (i Sasana a rinneadh) a bheith ar an lipéad.

Ní mór an téarma *'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint'* a bheith ar an lipéad.

Is féidir suaitheantas Sussex a thaispeáint ar an lipéad.



Ní mór lipéadú uile a léiríonn méid siúcra agus neart alcóil rialacháin an Aontais a leanúint.

10.3. *Ceanglais bhreise*

—

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.gov.uk/government/collections/protected-geographical-food-and-drink-names-uk-applications-and-consultations